



DOLA LEORAITHE SA GHEARMÁIN

TREORACHA DON ÚSÁIDEOIR



Leagan nuashonraithe
2019

Thar ceann



Bundesamt
für Güterverkehr

www.toll-collect.de

A léitheoir dhil,

Oibríonn Toll Collect GmbH an córas dola feithiclí troma le taca satailíte sa Ghearmáin. Mar ghnóthas faoi dhlí príobháideach a oibríonn thar ceann Aireacht Cónaidhme Tráichta agus Bonneagair dhigitigh na Gearmáine (BMVI) pléann Toll Collect leis na Sonraí Gearradh Dola agus sonrascú dola. Seolann Toll Collect na fáltais dola ar aghaidh chuig an gciste cónaidhme gach lá.

Tá ceanglas dola i bhfeidhm le haghaidh gach feithicil agus gach teaghlaim feithiclí dhúchasach agus ón iasacht araon, ó ollmheáchan feithicle de 7.5 tona nó níos mó ar mhótarbhealaí cónaidhme, stáisiúin bhreosla agus faoisimh san áireamh agus ar mhórbhóithre náisiúnta, laistigh de bhailte san áireamh, 51,000 ciliméadar de bhóithre faoi dhliteanas dola san iomlán, nach mór.

Córas dola le taca satailíte is fearr a oireann d'fheidhmiú dola ar líonra bóithre chomh mór sin. Go háirithe, tá buntáistí soiléire ag gabháil le gearradh dola uathoibríoch leis an Aonad ar Bord (OBU) do chustaiméirí toisc gur féidir leis an tiománaí an bealach a athrú am ar bith, mar shampla. Dá bharr sin táthar solúbtha agus sábháiltear am agus, dá bharr sin airgead, do na gnóthais iompair agus lóistíochta ina ngnáthoibríochtaí laethúla.

Ach mura bhfuil OBU ag custaiméir tairgeann Toll Collect deiseanna áirithinte éasca praiticiúla do gach custaiméir. aip saor in aisce, áirithint shimplí ar líne ar líne agus teirminéil dola nua-aimseartha chun íoc go héasca gan mhoill.

Lena chois sin tá an Córas Toll Collect leagtha amach ó thaobh teicníochta de ar shlí go dtacaíonn sé le córais dola eile chomh maith. Cuirtear an tseirbhís TOLL2GO ar fáil in éineacht le ASFINAG, an t-oibreoir dola san Ostair, ó 2011. Le TOLL2GO is féidir dola i leith feithiclí ó 7.5 tona nó níos mó a íoc san Ostair tríd an gléas feithicle san fheithicil throm de chuid Toll Collect san Ostair, chomh maith.

Sa bhróisiúr seo tá gach rud tábhachtach faoi dhola feithiclí troma sa Ghearmáin – idir chlárú, roghanna áirithintí agus ráiteas cuntais.

Guímid turas maith ort gach uile thráth!

Le dea-mhéin, Toll Collect

CLÁR ÁBHAR

1 Forbhreathnú	4
2 Ceanglas dola	6
2.1 Feithiclí le dlíteanas dola.....	6
2.2 An gréasán dola-bhóithre.....	7
2.3 Saor ó dhola agus saoradh ó dhola	7
2.4 Freagrachtaí.....	9
2.4.1 Freagrachtaí Toll Collect.....	9
2.4.2 Freagracht as monatóireacht agus nós imeachta maidir le fineálacha: Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG).....	10
2.4.3 Freagracht as an ngréasán dola-bhóithre: An Ghníomhaireacht Chónaidhmeach um Ghnóthaí Bóthair (BAST).....	10
3 Clárú	11
4 Roghanna áirithintí	13
4.1 Áirithint uathoibríoch tríd an ngléas feithicle	13
4.1.1 Feidhmiú an ghléis feithicle.....	14
4.1.2 Suiteáil an ghléis feithicle.....	15
4.2 Áirithint de láimh.....	16
4.2.1 Áirithint tríd an aip.....	17
4.2.2 Áirithint ar líne.....	17
4.2.3 Áirithint ag an teirminéal dola.....	18
4.2.4 Cealú agus athrú sa phróiseas áirithinte láimhe.....	19
4.2.5 Éileamh ar aisíocaíocht.....	19
5 Rátaí dola	20
6 Modhanna íocaíochta	24
6.1 Modhanna íocaíochta do chustaiméirí cláraithe	25
6.1.1 Cuntas creidmheasa (aistriú roimh ré).....	25
6.1.2 Córas ordaithe dírdhochair seirbhís chreidmheasa (Dírdhochar SEPA gnóthais)	25
6.1.3 Modhanna íocaíochta eile.....	26
6.2 Modhanna íocaíochta do chustaiméirí nach bhfuil cláraithe / custaiméirí nach bhfuil cláraithe ach a bhfuil cuntas áirithinte acu.....	26
6.2.1 Airgead tirim.....	26
6.2.2 paysafecard.....	26
6.2.3 Cártaí breosla agus cártaí creidmheasa.....	27
7 Sonrascú i gcás custaiméirí cláraithe	28
7.1 Ráiteas cuntais dola rialta.....	28
7.2 Sonrascú speisialta.....	29
7.3 Gearán maidir le ráiteas cuntais dola	29
7.4 Seirbhísí seachas an dola.....	29
8 Monatóireacht	30
8.1 Monatóireacht uathoibríoch	31
8.2 Monatóireacht neamhghluaisteach.....	32
8.3 Monatóireacht shoghluaiste	32
8.4 Monatóireacht ar an láthair.....	33
8.5 Iarmhairtí sáruithe na rialacha dola.....	33
9 Cosaint sonraí	34
10 Seirbhís agus Teagmháil	36

1

FORBHREATHNÚ

Tá ceanglas dola i bhfeidhm sa Ghearmáin le haghaidh gach feithicil agus gach teaglaím feithicilí dhúchasach agus ón iasacht araon, ó ollmheáchan feithicle de 7.5 tona nó níos mó ar mhótarbhealaí cónaidhme, stáisiúin bhreosla agus faoisimh san áireamh agus ar mórbhóithre náisiúnta, laistigh de bhailte san áireamh.

Tá dhá shlí sa chóras dola Toll Collect chun dola a íoc:

- go huathoibríoch le linn an turais trí threalamh feithicle suiteáilte, is é sin, an tAonad ar Bord (OBU) nó
- de láimh roimh thús an turais ar líne tríd an aip nó ag teirminéal dola.

Is é an coinníoll go ndéantar dola a ghearradh go huathoibríoch le hOBU ná go gcláraítear an gnóthas iompair agus a gcuid feithicilí le dliteanas dola ag tairseach custaiméirí de chuid Toll Collect. Ina dhiaidh sin cuirfeadh an gléas feithicle isteach sna feithicilí i gceardlann comhpháirtí seirbhíse. Íocann custaiméirí cláraithe an dola lena gcárta creidmheasa nó cárta breosla, nó seolann siad airgead roimh ré ar a gcuntas creidmheasa ag Toll Collect é nó cuireann siad é á líonadh trí shainordú dírdhochair gnóthais SEPA (córas ordaithe dírdhochair seirbhís chreidmheasa).

Má íoctar an dola de láimh cuireann Toll Collect slite áirithinte nua-aimseartha ar fáil a bhfuil an comhéadan céanna ag gach ceann díobh. Is féidir áirithintí agus cealuithe a dhéanamh go solúbtha tríd an aip, ar an Idirlíon nó ag teirminéal dola. As seo amach is féidir le gach custaiméir úsáid a bhaint as gach slí áirithinte de láimh gan gá a bheith le clárú le Toll Collect roimh ré. Roimh thús an turais íocann na custaiméirí na réimsí bóthair faoi dhliteanas dola leis an modh íocaíochta stóráilte (i gcás custaiméirí cláraithe agus custaiméirí ag a bhfuil cuntas áirithinte amháin), le cártaí creidmheasa, cártaí breosla, airgead tirim nó le paysafecard. Cabhróidh Seirbhís Chustaiméirí Toll Collect leat má tá aon cheist agat faoi mhodhanna íocaíochta sa chóras dola ar fad.

Eolas bunúsach dlí le gearradh dola atá bainteach le réimsí bóithre

- *Dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG) den 12 Iúil 2011 (BGBl. I, ICh 1378) a ndearnadh an t-athrú is déanaí air trí Airteagal 1 den dlí den 4 Nollaig 2018 (BGBl. I, ICh 2251)*
- *Ordú chun dola a ghearradh, um fhianaise íocaíochta chuí agus aisíocaíocht dola (Rialacháin Dola Leoraíthe na Gearmáine – LKW-MautV) den 25 Meitheamh 2018 (BGBl. I ICh 1156), arna mionathrú ar an mbonn is déanaí ag airteagal 1 den athrú an Rialacháin Dola Leoraíthe na Gearmáine 19 Nollaig 2018 (BGBl. I ICh 2700)*
- *Rialachán um Aistriú Údarais le horduithe dlí a fhoilsíú chuig an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) (BAG-Übertragungsverordnung – BAGÜV) den 14 Eanáir 2016 (BAnz AT 26.01.2016 V1), arna leasú trí Airteagal 1 den Rialachán den 11 Iúil 2018 (BAnz AT 30.07.2018 V1)*
- *Rialacháin um acomhail dola difriúla a shocrú maidir le mórbhóithre náisiúnta (rialacháin um acomhail dola na mórbhóithre cónaidhme – BStrMKnotV) ón 31 Iúil 2018 (BAnz AT 17.08.2018 V1)*

Tá leaganacha na t-eolas bunúsach dlí a bhfuil feidhm dhli leo i láthair na huair ar fáil faoi www.gesetze-im-internet.de.



2

CEANGLAS DOLA

Foilsíonn an Ghníomhaireacht Chónaidhmeach um Ghnóthaí Bóthair (BAST) an líonra bóithre a bhfuil dlíteanas dola i bhfeidhm air ar an idirlíon. Tá liosta de gach mótarbhealach cónaidhme agus mórbhóthar náisiúnta ar fáil faoi www.mauttabelle.de.

2.1 Feithiclí le dlíteanas dola

Tá dlíteanas dola ar gach feithicil nó teaghlaim feithicilí ag a bhfuil ollmheáchan

ceadaithe 7.5 tona ar a laghad

- atá beartaithe do thrácht earraí (1. rogha) nó
- a úsáidtear chuige seo (2. rogha).

Chun údar a thabhairt le dlíteanas dola is leor ceann amháin de na roghanna de § 1, mír 1, abairt 2 uimh. 1 den dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG) a lua.

Tá feithiclí atá beartaithe do thrácht earraí (1ú rogha) faoi dhlíteanas dola, is cuma an

- turas príobháideach atá i gceist nó,
- an turas ar a n-iompraítear earraí atá ann,
- agus is cuma an iompar earraí tráchtála nó chun críocha pearsanta (trácht monarchan) atá ann nó nó
- is cuma an fheithicil faoi chaibidil a bheith saortha ó cháin mhótarfeithicile.

An fhad is a úsáidtear mótarfeithicilí nó teaglaim feithicilí chun earraí a iompar le haghaidh íocaíochta nó chun críocha gnó (mótar-thrácht earraí tráchtála nó trácht monarchan) tá ceanglas dola i bhfeidhm de réir an 2ú rogha.

Is cuma cén tír dhúchais arb as dóibh, caithfidh custaiméirí dola a íoc i leith a gcuid feithicilí le dlíteanas dola i ndáil leis na réimsí bóthair faoi dhlíteanas dola atá taistealaithe acu.

2.2 An gréasán dola-bhóithre

Tá ceanglas dola i bhfeidhm faoi láthair ar na mótarbhealaí cónaidhme ar fad, áiseanna breosla agus sosa san áireamh, mura bhfuil a mhalairt curtha in iúl thíos, agus ar mórbhóithre náisiúnta roghnaithe. Is mótarbhealaí cónaidhme iad na príomhbhóithre cónaidhme siúd a tiomnaíodh mar mhótarbhealaí cónaidhme go foirmiúil de réir an dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG).

Níl aon cheanglas dola ar na réimsí mótarbhealaigh thíos de réir § 1 mír 3 uimh. 1 go 3 den dlí maidir le bailiú dolaí ar mórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine

(BFStrMG):

- Réimse mótarbhealaigh chónaidhme A 6 ó theorainn na Gearmáine agus na Fraince go dtí an nasc Saarbrücken-Fechingen san dá threo,
- Réimse mótarbhealaigh chónaidhme A 5 ó theorainn na Gearmáine agus na hEilvéise agus ó theorainn na Gearmáine agus na Fraince go dtí an nasc Müllheim/Neuenburg san dá threo,
- na réimsí mótarbhealaigh cónaidhme a ngearrtar dola as a n-úsáid de réir § 2 den dlí um airgeadú príobháideach do thógáil príomhbhóithre den 30 Lúnasa 1994 (BGBl. I, lch 2243) sa leagan ar leith a bhfuil feidhm leis.

Tá beagnach 38,000 ciliméadar de mhórbhóithre náisiúnta agus réimsí mótarbhealaigh chónaidhme tuairim is 13,000 ciliméadar ar fhad sa ghréasán dola-bhóithre.

2.3 Saor ó dhola agus saoradh ó dhola

De réir an dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG) tá feithicilí agus teaglaim feithicilí (leagan éasca, “feithicilí”) áirithe saortha ó dhlíteanas dola. Is é atá i gceist ar an taobh amháin ná feithicilí nach gcomhlíonann na critéir a shainmhíneann feithicilí faoi dhlíteanas dola (feithicilí saor ó dhola) agus ar an taobh eile feithicilí a bhfuil cúinsí eisceachtúla speisialta leagtha síos ag an gcomhlacht reachtach (feithicilí saortha ó dhola). Is léir ón dlí i ngach cás cé acu an bhfuil nó nach bhfuil feithicilí le dlíteanas dola. Níl sé i gceist é sin a shocrú trí iarratas tríd an Oifig



Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) nó Toll Collect ná níl gá leis.

Ar na feithiclí nach bhfuil an sainmhíniú dlí mar fheithiclí le dliteanas dola i bhfeidhm ina leith (de réir § 1 mír 1 abairt 2 den dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG)) áirítear na feithiclí seo a leanas:

- feithiclí nach bhfuil beartaithe do mhótarthrácht earraí (m.sh. innill oibre féintiomána)
- nó feithiclí nach n-úsáidtear i dtrácht earraí tráchtála ná i dtrácht monarchan i gcomhair iompar earraí a n-íoctar as nó chun críocha gnó (i gciall § 1 den dlí um thrácht earraí (GüKG)).

Níl feithicil saortha ó dhola ach amháin má chomhlíontar an dá choinníoll.

Lena chois sin tá na feithiclí agus na teaglamaí feithiclí seo a leanas saoraithe ó dhola de réir § 1 mír 2 den dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG):

- Busanna,
- feithiclí na bhfórsaí cosanta, de chuid údarais na bpóilíní, na n-eagraíochtaí cosanta sibhialta, an bhriogáid dóiteáin agus seirbhísí éigeandála eile agus feithiclí stáit,
- feithiclí a n-úsáidtear chun bóithre a chothabháil agus a oibriú, glanadh bóithre agus seirbhís gheimhridh san áireamh,
- feithiclí a úsáidtear chun críocha gnó siaimseoirí agus shorcais amháin,
- feithiclí atá á n-úsáid ag eagraíochtaí neamhbhrabúis nó carthanais chun earraí cabhrach daonnúla a iompar a



- úsáidtear chun cás éigeandála a mhaolú,
- feithiclí feirme nó coillteoireachta de réir § 2 mír 1 uimh. 7 den dlí um Thrácht Earraí mar aon leis na turais fholmha a ghabhann leis,
 - feithiclí leictreacha de réir § 2 uimh. 1 den dlí um ghluaiستهacht leictreach sa leagan a bhfuil feidhm leis,
 - feithiclí a thiomáintear le gás talún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ón 1 Eanáir 2021 caithfear na páirt-íocaíochtaí maidir le costais bhonneagair de réir § 3 mír 1 uimh. 1 agus na híocaíochtaí torainn de réir § 3 mír 1 uimh. 3 a íoc i leith feithiclí a thiomáintear le gás talún.

Chun nach gá an dola a íoc sna cásanna ag uimh. 2 go 4 ní mór gur féidir na feithiclí a aithint mar fheithiclí atá beartaithe don gcuspóir ar leith lena mbaineann.

I gcás teaglamí feithiclé tá feidhm ghinearálta i dtaobh gach cás a luaitear in uimh. 1 go 8 go mbraitheann faoiseamh ó dhola na teaglaime ar an bhfeithicil mhótair.

Tugann Toll Collect an deis feithiclí atá saor ó dhliteanas dola a chlárú. Níl de dhualgas ort iad seo a chlárú – déantar an

clárú seo go deonach. Má chláraítear iad déantar treorú amach nach bhfuil gá leo, próisis seiceála agus éisteachtaí a sheachaint. Bíonn clárú bailí ar feadh dhá bhliana ar a mhéid de ghnáth. Is féidir síneadh a chur leis ansin. Téann clárúcháin nach gcuirtear síneadh leo faoin dáta éagtha in éag go huathoibríoch.

Ní mór gach sonra ar an bhfoirm chlárúcháin maidir le feithiclí atá saor ó dhliteanas dola a dhéanamh go fíor agus ina n-iomláine. Is é an t-iarrthóir féin atá freagrach as cruinneas agus iomláine na sonraí a thugtar chun feithicil atá saor ó dhliteanas dola a chlárú (bun-riail an fhéindhearbhaithe). Ní ghabhann aon aitheantas dlíthiúil ó Toll Collect nó ón Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) i dtaobh a bheith saor ó dhola nó saoradh ó dhola le clárú feithiclé. Tá de cheart ag na heagraíochtaí freagracha am ar bith cruinneas na sonraí a sheiceáil. I dtaobh na gcoinníollacha féach § 1 míreanna 1 agus 2 den dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG).

2.4 Freagrachtaí

2.4.1 Freagrachtaí Toll Collect

Sna sainorduithe um dhlí dola tá leagtha síos go mionsonraithe cad iad na feithiclí a gcaithfear dola a íoc ina leith agus na bealaí a gcaithfear dola a íoc astu, conas a ghearrtar é agus conas mar a dhéantar scrúdaítear comhlíonadh an ceanglas dola. Leis na rialacháin seo maidir le ceanglas dola leagtar síos an creat ina bhfeidhmíonn Toll Collect mar ghnóthas faoi dhlí príobháideach thar ceann Aireacht Cónaidhme Tráchtá agus Bonneagair dhigitigh na Gearmáine (BMVI). Tá an córas dola tógtha ag Toll Collect agus is acusan atá sé a oibriú.

De bhreis air seo tugadh na tascanna seo a leanas do Toll Collect mar ghnóthas atá údaraithe ag an Stát:

- úsáid réimsí bóthair atá faoi dhliteanas dola a shocrú,
- íocadh cuí dola a scrúdú,
- dola a ghearradh go siarghabhálach i gcásanna áirithe.

Níl tionchar ag Toll Collect ar cinneadh a dhéanamh faoi na feithiclí atá faoi dhliteanas dola, cén réimsí bóthair atá faoi



cheanglas dola, cé chomh mór atá na rátaí dola agus cén aicmí astaíochtaí atá sonraithe. Is tríd an reachtaíocht a ghlactar na cinní seo.

2.4.2. Freagracht as monatóireacht agus nós imeachta maidir le fineálacha: Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG)

Tá an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) freagrach as íocaíochtaí dola cearta a scrúdú agus as pionóis a ghearradh i dtaobh sárúithe an ceanglas dola. Má fuarthas amach nár íocadh an dola i leith feithicle le dlíteanas dola a thaistil bóthar le dlíteanas dola nó gur íocadh suim mhícheart, gearrtar an dola go siarghabhálach. Mura féidir a shocrú cén réimse bóthair le dlíteanas dola a taistealaíodh go hiarbhír gearrtar il-dhola ar 500 ciliméadar go siarghabhálach. Le linn monatóireachta tógann an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) na sonraí riachtanacha ar nós cláruimhir feithicle nó rátaí dola. Ansin cuirtear tús le nós imeachta maidir le fineálacha. D'fhéadfaí fineálacha suas chuig 20,000 euro a ghearradh.



2.4.3. Freagracht as an ngréasán dola-bhóithre: An Ghníomhaireacht Chónaidhmeach um Ghnóthaí Bóthair (BAST)

Is é an Ghníomhaireacht Chónaidhmeach um Ghnóthaí Bóthair (BAST) atá freagrach as an líonra bóithre atá faoi dhlíteanas dola a shocrú. Ar bhonn an chórais faisnéise um bhóithre (BIStra) ina n-iontráiltear sonraí na gcúigí cónaidhme nuair a chríochnaítear codanna nua, mar shampla, déantar an gréasán dola-bhóithre a thabhairt cothrom le dáta idir uair amháin agus dhá uair sa mhí. Foilsítear an leagan nua den tábla dola a dhéantar ar bhonn na sonraí seo ar an idirlíon faoi www.mauttabelle.de.

Is é an chéad chéim chun dola a íoc go héasca ná clárú simplí tapa an ghnóthas iompair agus a chuid feithiclí le dlíteanas dola ag Tairseach Chustaiméirí Toll Collect. Is limistéar ar líne faoi chosaint do chustaiméirí í an Tairseach Chustaiméirí agus tá sé ar fáil as Gearmáinis, Béarla, Fraincis agus Polainnis.

Déanann custaiméirí nua a gcuid sonraí rochtana don tairseach custaiméirí Toll Collect le linn clárú úsáideora ag an tairseach. Má tá custaiméir cláraithe cheana féin le Toll Collect agus más mian leis an Tairseach Chustaiméirí a úsáid, is féidir leo cóid ghníomhachaithe a iarraidh ar an suíomh gréasáin www.toll-collect.de tríd an bhfoirm teagmhála ar an suíomh idirlín.



Ag an tairseach faigheann custaiméirí forbhreathnú ar a gcuid faisnéis gnóthais agus feithicle. Is féidir feithiclí nua a chlárú le cúpla clic agus is féidir athruithe a dhéanamh ar fhaisnéis feithicle atá sa chóras cheana féin. Is féidir faisnéis feithicle a athrú thar an rannán “Displaying and changing vehicles” (Feithiclí a thaispeáint agus a athrú). Lasmuigh den aicme astaíochtaí, líon acastóirí agus ollmhéachan feithicle is féidir an uimhirphláta agus an cód idirnáisiúnta a athrú. Agus an t-athrú déanta go rathúil, gheobhaidh an custaiméir deimhniú i scríbhinn.



Tá a lán buntáistí ag Tairseach Chustaiméirí Toll Collect:

- Clárú tapa na bhfeithiclí le dliteanas dola: Agus an clárú dearbhaithe dóibh is féidir le custaiméirí coinne a dhéanamh le ceardlann comhpháirtí seirbhíse láithreach chun an gléas feithicle a chur á shuiteáil.
- Is féidir faisnéis feithicle atá stóráilte cheana féin a athrú agus a nuashonrú go héasca san OBU thar chraoladh soghluaiste.
- Is féidir feithiclí gan trealamh feithicle, feithiclí a bhfuil an tOBU bainte astu

san áireamh, a dhíchlárú go díreach sa tairseach.

- Is féidir leis an gcustaiméir na sonraí custaiméara agus na faisnéis feithicle a fheiceáil agus a athrú gach uile thráth.
- Is féidir na sonraí conartha agus an modh íocaíochta reatha a athrú.
- Is féidir doiciméid shonrascaithe reatha ar nós ráiteas cuntais dola, liostaí mionsonraithe turas, sonraí turais agus sonraisc a léamh agus a íoslódáil.
- Is féidir leis an gcustaiméir turais nach bhfuil sonrascaithe go fóill agus sonraisc atá gan íoc fós a scrúdú.

De mhalairt ar chlárú ag an Tairseach Chustaiméirí sa cheithre phríomhtheanga, Gearmáinis, Béarla, Fraincis agus Polainnis, is féidir cuidithe líonta don bhfoirm chlárúcháin Gearmáinise a ordú ó Sheirbhís Chustaiméirí Toll Collect nó is féidir iad a íoslódáil ón idirlíon i 23 theanga eile. Caithfear na doiciméid a phriontáil ansin, a shíniú agus stampa an ghnóthais a chur orthu. Caithfear iad a sheoladh trí ríomhphost, facs nó post chuig Toll Collect ansin.

ROGHANNA ÁIRITHINTÍ

Ní ghearrtar dola ach amháin as réimsí bóthair faoi dhliteanas dola a úsáid. Feidhmíonn an Córas Toll Collect chun dola a ghearradh de réir an phrionsabail seo. Chuige seo roghnaíonn an custaiméir cé acu an tríd an modh áirithinte uathobríoch nó tríd an modh áirithinte de láimh a íoctar an dola.

4.1 Áirithint uathobríoch tríd an ngléas feithicle

Nuair atá an gnóthas iompair agus na feithiclí le dliteanas dola cláraithe aige le Toll Collect is féidir le gach custaiméir gléas feithicle a chur á shuiteáil i gceardlann comhpháirtí seirbhíse. Is é an dola a ghearradh agus a shonrascú tríd an ngléas feithicle tslí is simplí is éasca don gnóthas iompair chun an dola a íoc.



4.1.1 Feidhmiú an ghléis feithicle

Cuirtear an OBU ar siúl go huathoibríoch nuair a dhaintear an fheithicil. Tá ar an tiománaí na sonraí iontráilte (líon na n-acastóirí, ollmheáchan feithicle agus aicme astaíochtaí) a scrúdú roimh gach turas agus an t-eolas a choigeartú más gá. Tá an t-ollmheáchan feithicle a thug an t-úinéir ar chlárú na feithicle dó stóráilte sa ghléas feithicle i gcónaí. Má athraíonn sé toisc go nasctar nó go ndínasctar leantóir, ní mór an t-ollmheáchan feithicle a oiriúnú ar an ngléas feithicle. Tar éis dhainte nua taispeántar an aicme mheáchain an turais roimhe i gcónaí.

Socraítear meáchan na bhfeithiclí de 7.5 tona nó níos mó i gcéimeanna roghnaithe 1.5 tona. Ní féidir aicme mheáchain a shocrú atá níos lú ná an t-ollmheáchan feithicle atá socraithe ar an ngléas feithicle. Tar éis tús a chur leis an turas taispeánann scáileán an OBU an aicme mheáchain go leanúnach:

- < 7.5 tona
- ≥ 7.5 tona – 11.99 tona
- ≥ 12 tona – 18 tona
- > 18 tona

Athrú tábhachtach: Chun ollmheáchan ceadaithe teaglamaí feithiclí a shocrú suimeofar ollmheáchain ceadaithe na bhfeithiclí ar leith ón 01/01/2019, imíonn an cleachtas seo ón Rialachán um Cheadúnas Bóthair (Straßenverkehrs-Zulassungs-Ordnung). Ní ghactar ualaigh



taca ná ualaigh phionna ceann aise san áireamh a thuilleadh.


Lena chois seo ní mór líon na n-acastóirí reatha a oiriúnú má tá an t-ollmheáchan feithicle os cionn 18 tona agus mura n-ionann líon na n-acastóirí agus an líon acastóirí atá iontráilte ar an OBU. I gcás feithiclí agus teaglamaí feithicle ag a bhfuil ollmheáchan feithicle suas chuig 18 tona is féidir líon na n-acastóirí a lua, leis. De bheis air seo is féidir leis an tiománaí lárionad costais a lua chun turais a nascadh le horduithe áirithe níos déanaí d'fhonn coimeád leabhair an ghnóthais a éascú.

Seolann an tOBU na sainréithe feithicle chuig an ionad ríofa tar éis moill ama agus i bhfoirm chriptithe. Is san Ionad Ríofa Toll Collect a chuirtear na sonraí leis an líonra bóithre atá faoi dhliteanas dola. Ina dhiaidh sin déanfar an dola maidir leis na réimsí bóthair a bhfuil dola le híoc ina leith a ríomh ar bhonn na sainréithe feithicle san ionad ríofa.

Riachtanas dola ar bith



Ar an taispeántar tá an líon acastóirí le feiceáil le linn an turais. Lena chois sin taispeánfar cén tír ina bhfuil an fheithicil throm atá faoi dhliteanas dola ag taisteal (DE, AT) mar aon leis an aicme meáchain. Cuirtear an gearradh dola ceart in iúl don tiománaí trí LED uaine. Mura dtarlaíonn sin cabhraíonn an lámhleabhar oibriúcháin chun an chúis a d'fhéadfadh a bheith leis seo a aimsiú. Is féidir an lámhleabhar oibriúcháin reatha a íoslódáil ag www.toll-collect.de.



Déanfar an dola iníoctha a chur i leith an chustaiméara le cabhair an cláruimhir feithicle agus faigheann an gnóthas iompair ráiteas cuntas dola go rialta uair sa mhí má tá aon dola le híoc.

Tá eolas ar na turais nach bhfuil sonrascaithe go fóill ar fáil sa Tairseach Chustaiméirí. Sa chuid “Non-invoiced journeys” (turas nár ríomhadh fós) cuirtear an t-eolas maidir leis na turais ar leith agus na méideanna dola a ghabhann leo ar fáil laistigh de 48 n-uair nó níos túsce de ghnáth.

4.1.2 Suiteáil an ghléis feithicle

Chun an gléas feithicle a shuiteáil déanann an custaiméir coinne le ceardlann comhpháirtithe seirbhíse atá údaraithe ag Toll Collect. Tá na ceardlanna sainroghnaithe oile seo ar fáil ar fud na Gearmáine agus i dtíortha eile san Eoraip. Tá cuardach suímh ar fáil san idirlíon ag www.toll-collect.de/partner-en. Ní gá ach an bóthar, baile nó cód poist a chur isteach agus taispeánfar na ceardlanna comhpháirtíochta seirbhíse is gaire duit.



Cuirtear an tOBU ar fáil don gcustaiméir saor in aisce agus fanfaidh sé i seilbh Toll Collect i gcónaí tar éis dó a bheith suiteáilte. Titfidh costas na suiteála agus an obair a chaithfidh an custaiméir féin a dhéanamh ina thaobh seo ar an gcustaiméir. Tógann sé ceithre uaire an chloig in aghaidh na feithicle ar a mhéid an tAonad a shuiteáil. I gcás feithicle nua is féidir an t-am suiteála a laghdú go mór má chuirtear aeróg i gcomhair suiteáil OBU isteach san fheithicil throm ón mhonarcha ar iarraidh an chustaiméara cheana féin.

De bhreis ar an ngléas feithicle a shuiteáil tá na céimeanna seo a leanas i gceist leis an suiteáil:

- Sainoiriúnú an OBU ar an suíomh, déanta ag an gceardlann comhpháirtí seirbhíse (sonraí feithicle agus sonraí custaiméara a aistriú chuig an Aonad),
- Cábala na haeróige a chur isteach agus an aeróg a shuiteáil,
- Nascadh le comhartha luais oiriúnach,
- Nascadh leis an líonra boird,
- Suiteáil an OBU, turas trialach agus oiliúint a chur ar an gcustaiméir,
- Suiteáil chúí an OBU a dhearbhu ar an deimhniúchán suiteála agus dearbhú ón gcustaiméir agus ón gceardlann comhpháirtí seirbhíse.

4.2 Áirithint de lámh

Tugann an áirithint de lámh chun an dola a íoc rochtain chúí do gach custaiméir.

Áirítear ar na slite áirithinte seo:

- áirithint tríd an aip Toll Collect,
- an áirithint nua ar líne. Is féidir í a dhéanamh ar ríomhairí agus ar tháibléid agus ar ghutháin chliste,
- chomh maith le háirithint ag tuairim is 1,100 teirminéal dola i dtuairim is 675 bhall sa Ghearmáin agus lasmuigh di.

Baineann an leagan amach teicniúil agus an dearadh céanna le gach slí rochtana ar an modh áirithinte lámhe. Is cuma cén tslí a úsáideann an custaiméir chun an dola a íoc de lámh, tá an dromchla úsáideora mar an gcéanna i ngach áit agus cuireann sé ar a chumas áirithint a dhéanamh go héasca tapa. Is féidir

áirithint a dhéanamh suas chuig 24 uaire roimh ré.

Cuireann an tiománaí faisnéis ábhartha na feithicle isteach tar éis tús a chur leis an turas, is é sin, cláruimhir feithicle, líon acastóirí, aicme astaíochtaí agus aicme meáchain agus socraíonn sé áit tosaigh, baill ar an tslí, agus ceann scríbe an turais trí seoltaí a chur isteach agus baill suntais (Points of Interest, Poi) a roghnú nó trí chliceáil ar an léarscáil (ródú sainoiriúnaithe don bhfeithicil, bunaithe ar sheoltaí do líonra bóithre ar fad na Gearmáine). Ansin ríomhtar an dola don turas roghnaithe laistigh den líonra bóithre faoi dhliteanas dola. Déantar an bealach a ríomh le cabhair ón bhfaisnéis a thugann an tiománaí agus glactar san áireamh srianta maidir le hinfhaighteacht bóithre don bhfeithicil go saineiúil, m.sh. dúnadh bóthair nó srianta maidir le meáchan.

Baineann a lán buntáistí do na custaiméirí leis an modh áirithinte de lámh:

- As seo amach is féidir le gach custaiméir úsáid a bhaint as gach slí áirithinte de lámh gan gá a bheith le clárú le Toll Collect roimh ré.
- Cabhraíonn an tseirbhís ródaithe sainseoltaí agus sainfheithicle ar líona iomlán na mbóithre sa Ghearmáin le rogha áiteanna tosaigh, cinn scríbe agus pointe eile trí seoladh a iontráil nó cliceáil ar an léarscáil chun bealach ar leith a phleanáil agus glactar san áireamh réimsí bóthair gan dliteanas dola chomh maith.
- Nuair a dhéantar an bealach a ríomh glactar san áireamh srianta maidir le

hinfheidhmitheacht a bhaineann leis an bhfeithicil go saineiúil, m.sh. dúnadh bóthair nó srianta maidir le meáchan.

- Ag deireadh an próisis áirithinte faigheann an custaiméir an admháil áirithinte agus treoracha taistil más mian leis/léi.
- Is féidir leis an gcustaiméir na dearbhaithe go léir a phriontáil, a íoslódáil, a sheoladh trí ríomhphost neamhchriptithe nó an uimhir áirithinte a chur á seoladh chuig a g(h)uthán cliste trí SMS.
- Turas a áirithiú ar líne agus a chur ar ceal tríd an aip le linn a bheith ar an mbóthar – is féidir é sin a dhéanamh sa phróiseas áirithinte lámhe freisin.

Lena chois sin cuireann an áirithint de lámh nua seirbhís bhreise ar fáil do chustaiméirí neamhchláraithe: Má dhéantar cuntas áirithinte is féidir leo na feithicilí a ndéanann siad áirithint lámhe leo go minic, réimsí bóthair a thaistealaíonn siad go minic agus oiread is trí modh íocaíochta a stóráil. Dá thoradh sin déantar próisis áirithinte níos éifeachtaí agus sábháiltear am. Is féidir leis an gcustaiméir na sonraí atá stóráilte a scríos nó a bhainistiú leis an aip nó san áirithint ar líne am ar bith.

4.2.1 Áirithint tríd an aip

Tairgeann Toll Collect aip don nguthán cliste nó do tháibléad mar an modh is solúbtha chun áirithint de lámh a dhéanamh. Mar sin is féidir áirithint a dhéanamh go héasca am ar bith agus ó háit ar bith, fiú amháin go díreach ón



bhfeithicil pháirceáilte tríd an nguthán cliste nó ó tháibléad. Is féidir áirithint a dhéanamh as Gearmáinis, Béarla, Fraincis agus Polainnis.

Is féidir an aip Toll-Collect a íoslódáil saor in aisce in aipmhargaí na gcórais oibriúcháin is coitianta (Android, iOS, Windows Phone).

4.2.2 Áirithint ar líne

Níl an áirithint thar an idirlíon ag brath ar an gcineál custaiméara (cláraithe nó gan a bheith cláraithe). Is féidir í a dhéanamh ar gach gléas a bhfuil cumas idirlín aige (m.sh. ríomhaire, guthán cliste nó táibléad), is é sin, go cónaitheach agus go so-ghluaiste. Tacaíonn na brabhsálaithe is coitianta leis an bhfeidhmchlár.

Sroicheann an custaiméir leathanach tosaigh na háirithinte nua ar líne ar www.toll-collect.de thar “Book a route” (Bealach a chur in áirithe). Is féidir áirithint a dhéanamh as Gearmáinis, Béarla, Fraincis agus Polainnis anseo chomh maith. Níl gá le bogearra ar leith chuige seo.

Is féidir le custaiméirí cláraithe a dhéanann áirithint ar líne úsáid a bhaint as a gcuid sonraí rochtana chuig Tairseach Chustaiméirí Toll Collect. Beidh na sonraí atá stóraithe sa Tairseach Chustaiméirí – m.sh. sonraí feithicle – ar fáil i gcomhair áirithinte de láimh go pras dá bharr sin agus déantar an íocaíocht tríd an modh íocaíochta a socraíodh roimh ré. Maidir le custaiméirí neamhchláraithe, déanann siad iad féin a áirithiú le cuntas áirithinte atá déanta acu nó ar líne gan aon logáil isteach roimh ré.



4.2.3 Áirithint ag an teirminéal dola

Is féidir le gach custaiméir, is cuma iad a bheith cláraithe nó gan a bheith cláraithe, áirithint de láimh a dhéanamh ag teirminéal dola. Tá “Toll-Collect” scríofa orthu seo.

Tá tuairim is 1,100 teirminéal dola nua (lasmuigh faoin spéir agus istigh) sa Ghearmáin agus i dtíortha ag a bhfuil teorainn leis an nGearmáin, ag stáisiúin sheirbhíse mhóra, stáisiúin sheirbhíse in aice an mhótarbhealaigh agus i limistéir shosa.

Baineann custaiméirí cláraithe a dhéanann áirithint ag teirminéal úsáid as a gcuid sonraí rochtana chuig Tairseach Chustaiméirí Toll Collect. Leis seo is féidir úsáid a bhaint as na feithiclí agus na modhanna íocaíochta uile atá cláraithe sa Tairseach Chustaiméirí don áirithint de láimh.

Tá an nós imeachta áirithinte ag an teirminéal cosúil le ticéad taistil a cheannach. Oibrítear é thar scáileán tadhaill agus méarchlár uimhreach PIN.

De bhreis ar na hadmhálacha a phriontáil (lena n-áirítear admháil áirithinte, teoracha taistil) is féidir leis an gcustaiméir socrú ag an teirminéal dola go seoltar na hadmhálacha chuige trí ríomhphost neamhchriptithe.

Is féidir íoc le hairgead tirim ag oiread is 800 teirminéal dola go díreach le léas-shealbhóir an ionad dola in euro nó san airgeadra a nglactar leis. Lena chois sin is féidir íoc gan airgead tirim ag gach teirminéal le cárta creidmheasa nó le cárta breosla agus leis an paysafecard. Íocann custaiméirí cláraithe leis an modh íocaíochta a socraíodh tráth an chlárúcháin.

Le cuardach baill “Standortsuche” ar www.toll-collect.de/terminal-en is féidir le custaiméirí ionaid dola agus comhpháirtithe seirbhíse a lorg leis, nuair a bhíonn siad ar an mbóthar. Caithfear sonraí ar nós bóthar/sráid, áit nó cód poist a thabhairt agus ansin taispeánfar an t-ionad dola is gaire duit.

Tá sé níos simplí fós má bhíonn seirbhísí aithint shuímh gníomhachtaithe:

Taispeánfar ball an teirminéal dola is gaire duit go huathoibríoch ar an scáileán ansin. Tá an cuardach ar líne so-ghluaiste barrfheabhsaithe i gcomhair na gcóras oibriúcháin iOS agus Android agus na mbrabhsálaithe Chrome agus Firefox. Is féidir an cuardach a dhéanamh ar ríomhaire deisce gan dabht, ag www.toll-collect.de.

4.2.4 Cealú agus athrú sa phróiseas áirithinte láimhe

Is féidir réimsí bóthair dola a chealú mura bhfuil aon taisteal déanta fós ar an réimse bhóthair a cuireadh in áirithe agus má tá am an chealaithe roimh dheireadh tréimhse bailí na réimse bóthair a áirithíodh. Más mian le custaiméir an réimse bhóthair a áirithíodh a athrú déanfar é seo trín é a chealú agus áirithint a dhéanamh don réimse bhóthair nua.

Is féidir leis an gcustaiméir leas a bhaint as áirithint de láimh, is cuma cén modh a úsáideadh ar dtús chun áirithint a dhéanamh. Mar shampla, má tá an custaiméir tar éis áirithint a dhéanamh ag teirminéal dola is féidir leis an cealú/ athrú a dhéanamh thar áirithint ar líne nó tríd an aip.

Déanfar an aisíocaíocht leis an gcustaiméir agus an cealú a bheith déanta, tríd an modh íocaíochta a úsáideadh ar dtús i gcónaí. I gcás íocaíochta le hairgead tirim as an áirithint a rinneadh roimhe tá gá le “Iarratas ar aisíocaíocht i gcás cealaithe”. Aistrítear an t-airgead chuig an gcuntas bainc socraithe gan mhoill ansin.

Gearrtar táille ar athruithe agus cealuithe. Níl cealuithe ar an dtoirt san áireamh leis seo a dhéantar laistigh de 15 nóiméad tar éis na háirithinte, ar choinníoll nach bhfuil an tréimhse bhailíochta tosaithe fós. I gcás gach cealaithe eile gearrtar táille 3 euro. Ní féidir cealú a dhéanamh má tá an méid atá le haisíoc nó an nóta creidmheasa níos lú nó ar chomh-mhéid leis an táille cealaithe 3 euro.

Agus tréimhse bhailí admháil an áirithinte a bheith istigh ní féidir turas a chealú le Toll Collect a thuilleadh.

4.2.5 Éileamh ar aisíocaíocht

Nuair a bhíonn tréimhse bhailí na háirithinte istigh is féidir leis an gcustaiméir aisíocaíocht an dola íochta a lorg ón Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG). Chuige seo ní mór a thaispeáint nárbh fhéidir é a éileamh roimhe sin ar chúiseanna iarbhir. Ní mór sin a dhéanamh laistigh de dhá mhí ó dheireadh tréimhse bailí na hadmhála áirithinte. Is féidir an teimpléad chuige seo a fháil ar an idirlíon ag www.bag.bund.de nó is féidir é a lorg ag an seoladh seo a leanas:

Bundesamt für Güterverkehr (BAG)
Werderstraße 34
50672 Köln
An Ghearmáin

Tá an próiseas aisíocaíochta ag an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) faoi réir táille. 20 euro an táille próiseála.

5

RÁTAÍ DOLA

Ríomhtar an dola ar bhonn an bhealaigh faoi dhliteanas dola a thaistil an fheithicil agus ráta dola i cent in aghaidh an chiliméadair ina nglactar costas maidir le truailliú an aeir, maidir le torann agus costas bonneagair san áireamh.

Braitheann an chuid den ráta dola a bhaineann le costas bonneagair ar an aicme acastóirí agus meáchain. Braitheann an chuid a bhaineann le truailliú an aeir ar an aicme astaíochtaí. Chuige seo cuirtear gach feithicil i

gcatagóirí ar bhonn a haicme astaíochtaí. Tá sé chatagóirí ann: A, B, C, D, E agus F. Is é an custaiméir atá freagrach as an aicme astaíochtaí a chur in iúl. Tá de dhualgas air de réir an phrionsabail um féindhearbhú, gach sonra a bhaineann le cúrsaí dola a chur in iúl go cruinn. Gearrtar an chuid den ráta dola a bhaineann le torann mar lán-ráta go cothrom ar na feithicilí go léir.

Maidir le feithicilí nach mbaineann le haon aicme truailleáin nó leis an aicme S1, tá

rátaí dola an chatagóir F i bhfeidhm. Maidir le feithicilí den aicme truailleáin S2 rátaí den gcatagóir E, feithicilí den aicme S3 rátaí den gcatagóir D. Maidir le feithicilí den aicme S2 ag a bhfuil córas um laghdú cáithníní den aicme PMK* 1, 2, 3 nó 4, baineann siad leas as na rátaí dola níos saoire den gcatagóir D. Baineann feithicilí den aicme truailleáin S4 agus S3 i gcomhar le PMK* 2, 3 nó 4 leas as rátaí catagóir C. Maidir le feithicilí de na haicmí truailleáin S5 agus EEV catagóir 1, tá rátaí catagóire B i bhfeidhm agus maidir le feithicilí den aicme truailleáin S6 tá rátaí catagóir A i bhfeidhm.

Aicme astaíochtaí feithicil le dliteanas dola a dheimhniú

I gcás feithicilí dúchasacha atá ceadúnaithe sa Ghearmáin agus ag a bhfuil doiciméid feithicil atá mar an gcéanna ar fud an AE acu is féidir an aicme astaíochta a dhíorthú ón ngnáththéacs leis an uimhir 14 nó leis an eochair-uimhir 14.1. Tá tuilleadh eolais maidir leis na haicmí astaíochtaí ar leith ar fáil sa “Guide for determining emissions classes” (Treoir chun aicmí astaíochtaí a dheimhniú) san idirlíon faoi www.toll-collect.de.

Aicme astaíochtaí de réir an dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruirbeach na Gearmáine (BFStrMG)							
	Catagóir A	Catagóir B		Catagóir C	Catagóir D	Catagóir E	Catagóir F
Aicme astaíochtaí	S6	EEV 1	Euro 5	S4, S3 le PMK 2*	S3, S2 le PMK 1*	S2	S1, gan SSK
Aicme astaíochtaí Euro	Euro 6	EEV 1	Euro 5	Euro 4, Euro 3 + PMK 2*	Euro 3, Euro 2 + PMK 1*	Euro 2	Euro 1, Euro 0
Aicme dola truailleáin**	07	06	05	04	03	02	01

* PMK – Partikelminderungsklassen (Aicmí laghdaithe cáithníní). Is caighdeán iarfheistithe iad chun astú cáithníní a laghdú.

Maidir le catagóir D, tá gá leis an PMK 1 nó níos airde. Maidir le catagóir C tá gá leis an PMK 2 nó níos airde.

** Taispeántar an aicme dola truailleáin san eolas ar tháillí an liosta mionsonraithe turas agus na sonraí turas.



Tábla na Rátaí Dola de réir Ciliméadair ón 1 Eanáir 2019

1		+	2		+	3		=	4
Aicme as-taíochtaí	Cuid den ráta dola* do chostais sheachtracha Aerthruaillíú		Cuid den ráta dola* do chostais sheachtracha Truaillíú ó thorann		Aicme acastóirí agus meáchain		Cuid den ráta dola* don bhonneagar		Ráta dola*
Euro 6	1,1		0,2		7,5–11,99 t		8,0		9,3
					12–18 t		11,5		12,8
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		17,3
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		18,7
Euro 5, EEV 1	2,2		0,2		7,5–11,99 t		8,0		10,4
					12–18 t		11,5		13,9
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		18,4
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		19,8
Euro 4, Euro 3 + PMK 2**	3,2		0,2		7,5–11,99 t		8,0		11,4
					12–18 t		11,5		14,9
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		19,4
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		20,8
Euro 3, Euro 2 + PMK 1**	6,4		0,2		7,5–11,99 t		8,0		14,6
					12–18 t		11,5		18,1
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		22,6
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		24,0
Euro 2	7,4		0,2		7,5–11,99 t		8,0		15,6
					12–18 t		11,5		19,1
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		23,6
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		25,0
Euro 1, Euro 0	8,5		0,2		7,5–11,99 t		8,0		16,7
					12–18 t		11,5		20,2
					>18 t go dtí thrí acastóir		16,0		24,7
					>18 t ó cheithre acastóir		17,4		26,1

* Gach eolas faoin ráta dola agus codanna an ráta dola i cent in aghaidh an chiliméadair.

** PMK – Partikelminderungsklassen (Aicmí laghdaithe cáithníní). Is caighdeán iarfheistithe iad chun astú cáithníní a laghdú. Maidir le catagóir D, tá gá leis an PMK 1 nó níos airde. Maidir le catagóir C tá gá leis an PMK 2 nó níos airde.

Tabhair faoi deara: Ríomhtar an t-acastóir teandim mar dhá acastóir, ríomhtar an t-acastóir triarach mar thrí acastóir. Glactar acastóirí inardaithe agus acastóirí inchiarraithe san áireamh i gcónaí, is cuma an bhfuil acastóirí feithicle á úsáid le linn iompair nó é a bheith ardaithé, is é sin, gan a bheith i dteagmháil leis an mbóthar. Tá de dhuilgias ar an úsáideoir dola-bhóithre cruinneas na bhfíricí uile a bhaineann le gearradh dola a dhearbhu don Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) tríd na doiciméid chuí a chur ar fáil (§ 5 BFStrMG i gcomhréir le §§ 6 agus 2 LKW-MautV). I gcás feithiclí dúchasacha atá ceadúnaithe sa Ghearmáin agus ag a bhfuil doiciméid feithicle atá mar an gcéanna ar fud an AE acu is féidir an aicme astaíochta a dhíorthú ón ngnáththéacs leis an uimhir 14 nó is féidir é a dheimhniú leis an eochair-uimhir 14.1 (§ 7 Rialachán Dola Leoraithe na Gearmáine).

I gcás feithiclí nach bhfuil ceadúnaithe sa Ghearmáin tá rialacha bonn tuisceana i bhfeidhm de réir céimeanna ama más rud é nach féidir an aicme astaíochtaí a dheimhniú ar shlí eile, go háirithe trí dhoiciméid faoi chomhlíonadh riachtanais chomhshaoil áirithe i dtrácht CEMT (Conférence Européenne des Ministres des Transports – Comhdháil na nAirí Tráchta Eorpacha), (§ 8 Rialachán Dola Leoraithe na Gearmáine). Is ar an úsáideoir dola-bhóithre atá an t-ualach taispeána agus fianaise i ndáil le gach fíric a bhaineann le cúrsaí dola. Má sháraítear an dualgas fianaise a thabhairt is féidir fineáil a ghearradh.

TOLL-EasyChange

Chun faisnéis feithicle a athrú ar fheithicil throm ag a bhfuil OBU tá TOLL EasyChange ar fáil don gcustaiméir. Tar éis an t-ordú athrú a dhéanamh a bheith tugtha ní gá ach an fhaisnéis feithicle nua a sheoladh chuig an OBU trí chraoladh soghluaiste. Lasmuigh den fhaisnéis feithicle (aicme astaíochtaí, líon acastóirí agus ollmheáchan feithicle) is féidir an uimhirphláta agus an cód idirnáisiúnta a athrú tríd an gcóras TOLL-EasyChange. Mar

seo seachnaítear costas ceardlainne agus amanna díomhaoiné.

Is féidir an fhaisnéis feithicle a athrú go héasca ag Tairseach Chustaiméirí Toll Collect. Beidh an t-ordú sa Tairseach Chustaiméirí chun athrú a dhéanamh le feiceáil ar thaispeáint an trealamh feithicle tar éis don OBU a chur ar siúl den chéad uair i ndiaidh an t-athrú a bheith déanta. Taispeánfar an fógra “NEW VEHICLE DATA REQUESTED” (BUNSHONRAÍ NUA ORDAITHE). Tar éis athrú adhainte eile chífear an fógra “VEHICLE DATA UPDATE” (BUNSHONRAÍ Á DTABHAIRT COTHROM LE DÁTA). Agus an t-athrú déanta i gcórais Toll Collect gheobhaidh an custaiméir deimhniú i scríbhinn. A luaithe agus atá na sonraí nua san OBU déanfar na ciliméadair a thaistealaítear a shonrascú de réir na dtaraifí nua.

Ba chóir don gcustaiméir an tOBU a shocrú ag “gearradh dola de láimh” agus a chuid dola a íoc trí mhodh áirithe de láimh go dtí go bhfuil an t-ordú ar athrú curtha i gcrích.



6

MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Tá na modhanna íocaíochta seo a leanas ar fáil chun dola a íoc:

Custaiméirí cláraithe

- Cuntas creidmheasa (aistriú roimh ré)
- Córas ordaithe dírdhochair seirbhís chreidmheasa (Dírdhochar SEPA gnóthais)
- Cártaí creidmheasa
- Cártaí breosla
- Córas LogPay

Custaiméirí nach bhfuil cláraithe / custaiméirí nach bhfuil cláraithe ach a bhfuil cuntas áirithinte acu

- Airgead tirim
- paysafecard
- Cártaí creidmheasa
- Cártaí breosla



6.1 Modhanna íocaíochta do chustaiméirí cláraithe

Tá mar bhuntáiste ag custaiméirí a dhéanann iad féin a chur á gclárú le Toll Collect gur féidir leo leas a bhaint as mórán modh íocaíochta chun dola a íoc.

6.1.1 Cuntas creidmheasa (aistriú roimh ré)

Íocann an custaiméir roimh ré an dola a mheastar a thabhófar ar a chuntas creidmheasa le Toll Collect. Nuair a sheolfar an t-airgead caithfear uimhir úsáideora agus an focal “Maut” a lua mar “thagairt”. Seolfar an t-airgead ar an gcuntas bainc seo a leanas:

Faighteoir: Toll Collect GmbH
Banc: Helaba
IBAN: DE88 3005 0000 0001 6401 19
BIC/Cód Swift: WELADED

Modh mear

Nuair a líontar an cuntas creidmheasa ní mór cuimhneamh ar na gnáththréimhsí aistrithe bhainc a athraíonn ó thír go chéile. Má tá gá le haistriú níos tapúla is féidir an sochar dola a luchtú ar an lá céanna le carta creidmheasa trí Paytoll (www.paytoll.eu).

Is féidir eolas faoin méid sochair a fháil thar an nguthán gach uile thráth ó Sheirbhís Chustaiméirí Toll Collect. D'fhéadfadh go bhfuil an méid creidmheasa iarbhír difriúil de thoradh cúinsí teicniúla tráth an fhiosraithe.

6.1.2 Córas ordaithe dírdhochair seirbhís chreidmheasa (Dírdhochar SEPA gnóthais)

Sa chóras seo cinntíonn Toll Collect go líontar an breisiú creidmheasa go tráthúil i gcónaí – go héasca trí dhírdhochar SEPA gnóthais. Réitíonn Toll Collect gach uile lá breisiú creidmheasa an chustaiméara ar a chuntas creidmheasa leis na turais atá déanta go hiarbhír. Go tráthúil, sula bhfuil an breisiú creidmheasa ídithe, cuireann Toll Collect dochar á dhéanamh ó chuntas bainc an chustaiméara. Tá rogha ag an gcustaiméir idir an cuntas creidmheasa a líonadh don chéad choicís eile nó don chéad 30 lá eile.

Buntáistí:

- gan urra,
- gan seiceáil chreidmheasa faoi mar a dhéantar i gcás modhanna íocaíochta eile,
- gan blocáil an OBU de dheasca easpa breisiú creidmheasa,
- gan díbhlocáil an OBU le híoc,
- sonrascú dola díreach le Toll Collect,
- Eolas roimh ré trí ríomhphost faoi mhéid agus am an dochar a bheith á dhéanamh,
- Dochair dhírigh á dhéanamh roimh ré i leith coicíse nó 30 lá.

Tá tuilleadh eolais ar www.toll-collect.de/direct-debit nó go díreach ó Sheirbhís Chustaiméirí Toll Collect.

6.1.3 Modhanna íocaíochta eile

Lena chois sin is féidir an dola a íoc trí sheirbhís íocaíochta a rathaíonn réiteach na n-éileamh dola iníoctha i leith Toll Collect suas chuig an méid uasta comhaontaithe atá ar fáil.

Cártaí creidmheasa

Má íoctar an dola trí chárta creidmheasa déanann an custaiméir conradh ar dtús le soláthraí cárta creidmheasa a bhfuil glactha leis ag Toll Collect. Ansin íocann an custaiméir an dola le Toll Collect tríd an gconradh cárta atá aige leis an soláthraí.

Cártaí breosla

Má íoctar an dola trí chárta breosla déanann an custaiméir conradh ar dtús le soláthraí cárta breosla a bhfuil glactha leis ag Toll Collect. Ansin íocann an custaiméir an dola le Toll Collect tríd an gconradh cárta breosla atá aige leis an soláthraí.

Is féidir eolas a fháil ar an idirlíon am ar bith faoi na cártaí creidmheasa agus na cártaí breosla a nglacann Toll Collect leo. Tá an t-eolas ar fáil faoi www.toll-collect.de nó is féidir é a lorg ón tSeirbhís Chustaiméirí.

Córas LogPay

Má íoctar an dola tríd an córas LogPay déanann an custaiméir conradh le LogPay

Financial Services ar dtús. Ina dhiaidh sin íocann an custaiméir an dola trí LogPay Financial Services le Toll Collect.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuímh idirlín na soláthraithe.

6.2 Modhanna íocaíochta do chustaiméirí nach bhfuil cláraithe / custaiméirí nach bhfuil cláraithe ach a bhfuil cuntas áirithinte acu

Bainfidh custaiméirí nach bhfuil cláraithe agus custaiméirí ag a bhfuil cuntas áirithinte leas as modhanna íocaíochta éagsúla i gcás na háirithinte de láimh san aip, i gcás áirithinte ar líne nó ag an teirminéal dola.

6.2.1 Airgead tirim

Ag 800 ceann den 1,100 éigin teirminéal dola is féidir le custaiméirí an dola a íoc le hairgead tirim in Euro nó san airgeadra a nglacann an léas-shealbhóir leis.

6.2.2 paysafecard

Sa phróiseas áirithinte láimhe cuireann Toll Collect modh íocaíochta leictreonach ar fáil de réir an phrionsabal réamh-íocaíochta. Leis an modh seo is féidir leis an gcustaiméir íoc as a áirithint thar ríomhaire, guthán cliste, táibléad, ag an teirminéal agus tríd an aip. Ceannaíonn an custaiméir paysafecard sna hionaid ina ndíoltar é, m.sh. stáisiúin seirbhíse, oifigí

poist nó gníomhairí nuachta. Íocfar an dola iníoctha díreach ar líne nó trí PIN 16 dígte an paysafecard. Tá tuilleadh eolais faoi www.paysafecard.de.

6.2.3 Cártaí breosla agus cártaí creidmheasa

Lena chois sin is féidir íoc le carta breosla agus le carta creidmheasa trí gach modh áirithinte de láimh, chomh maith. Is féidir eolas a fháil ar an idirlíon am ar bith faoi na cártaí creidmheasa agus na cártaí breosla a nglactar leo. Tá an t-eolas ar fáil faoi www.toll-collect.de nó is féidir é a lorg ón tSeirbhís Chustaiméirí.



7

SONRASCÚ I GCÁS CUSTAIMÉIRÍ CLÁRAITHE

7.1 Ráiteas cuntais dola rialta

Faigheann gach custaiméir ráiteas cuntais dola go rialta, uair sa mhí i láthair na huaire. Is ann a thugtar an dola a tabhaíodh sa tréimhse chuntais agus taispeántar an méid a bhaineann le costais lasmuigh den dola (aerthruaillí agus táille maidir le torann). I gcásanna áirithe d'fhéadfadh éilimh dola a bhí gan sonrascú fós ó thréimhse sonrascaithe roimhe sin a bheith san áireamh i ráiteas cuntas dola.

Déantar an ráiteas cuntas dola a sheoladh trí Thairseach Chustaiméirí Toll Collect nó tríd an bpost. A luaithe agus atá an

ráiteas cuntas dola ar fáil ar an Tairseach Chustaiméirí cuirfidh Toll Collect in iúl é don gcustaiméar trí ríomhphost. Más mian leis faigheann an custaiméir liosta mionsonraithe turas saor in aisce. Taispeánfar é seo ar an Tairseach Chustaiméirí nó seolfar tríd an bpost é, leis. Is liosta mionsonraithe de na turais faoi dhlíteanas dola a rinneadh é an dearbhú turas aonair chun gur féidir na méideanna dola a bhaineann le turais ar leith a thuiscint. Leis na 'sonraí turais' tugtar deis don gcustaiméir féachaint ar uimhreacha áirithe ar leith agus liosta mionsonraithe de réimsí an turais agus na costais ar leith a ghabhann leo a thuiscint. Is trí Thairseach Chustaiméirí Toll Collect

amháin is féidir teacht ar na sonraí turais seo. Tá míniú maidir leis an ráiteas cuntais dola, liosta mionsonraithe turas agus sonraí turais ar fáil san idirlíon faoi www.toll-collect.de.

7.2 Sonrascú speisialta

Lasmuigh den ráiteas cuntais rialta d'fhéadfadh go ndéantar sonrascú speisialta.

I láthair na huaire tá trí chúis le sonrascú speisialta a dhéanamh ann:

- Má shroictear staid dhiúltach sa chuntas creidmheasa: Tá an fógra "Sonderaufstellung" ("Sonrascú speisialta") ag gabháil leis an ráiteas cuntas.
- Má athraítear an modh íocaíochta: Tá an fógra "Sonderaufstellung nach Zahlwegwechsel" ("Sonrascú speisialta tar éis athrú modh íocaíochta") sa ráiteas cuntais.
- Má shroictear teorainn atá comhaontaithe ar bhonn míosa leis an soláthraí seirbhíse íocaíochta: Tá an fógra "Sonderaufstellung" ("Sonrascú speisialta") sa ráiteas cuntais.

I ngach ceann den trí chás seo tá an t-eolas céanna sa sonrascú speisialta agus a bhíonn sa ghnáthráiteas cuntais dola.

7.3 Gearán maidir le ráiteas cuntais dola

Má tá ceisteanna faoin ráiteas cuntas dola acu is féidir le custaiméirí scríobh nó glaoch a chur ar an tSeirbhís Chustaiméirí

Toll Collect. Ní mór gearáin a dhéanamh i scríbhinn laistigh de dhá mhí tar éis don ráiteas cuntas dola a bheith tagtha. Tá foirm chuige seo ar fáil ó Toll Collect. Is féidir í a íoslódáil faoi www.toll-collect.de nó í a lorg ón tSeirbhís Chustaiméirí. Scriostar na sonraí nuair a bhíonn na tréimhsí coinneála reachtúla istigh.

7.4 Seirbhísí seachas an dola

Is iad seirbhísí seachas an dola ná na seirbhísí uile de chuid Toll Collect ar baineadh leas astu sa tréimhse chuntais, m.sh. cóipeanna de ráitis chuntais dola nó de liostaí mionsonraithe turas. Lena chois sin sonrascaítear éilimh ar chúiteamh, m. sh má chailltear OBU, mar sheirbhís seachas an dola. Tá tuilleadh eolais faoi sheirbhísí breise a ghabhann le dola agus faoi na híocaíochtaí a dlítear ina dtaobh ar fáil ón gcur síos ar sheirbhísí agus ón innéacs praghsanna faoi www.toll-collect.de faoi seach.

Déantar seirbhísí seachas an dola a shonrascú go leithleach ón ráiteas cuntas dola i gcónaí, Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann an custaiméir sonrasc breise. Seoltar chuig an gcustaiméir é ar an tslí céanna leis an modh seolta a roghnaíodh don ráiteas cuntas dola. Déantar an íocaíocht de ghnáth tríd an modh íocaíochta atá comhaontaithe leis an gcustaiméir. Níl an cuntas creidmheasa san áireamh leis seo. Anseo caithfear an méid a sheoladh chuig cuntas ar leith atá luaite ar an sonrasc agus nach bhfuil ag teacht leis an gcuntas creidmheasa iarbhír don dola.



8

MONATÓIREACHT

Le linn monatóireachta an cheanglais dola roinntear tascanna idir an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) agus Toll Collect. Scrúdaíonn an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) feithiclí sa trácht beo ar mhótarbhealaí cónaidhme agus ar mórbhóithre náisiúnta. Lena chois sin is féidir le fostaithe na hOifige Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) feithiclí le dliteanas dola a threorú chuig carrchlóis atá taobh thiar de na droichid

mhonatóireachta agus a scrúdú ar an láthair. De bhreis air seo is féidir leis an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) scrúduithe oibríochta a dhéanamh go díreach sna gnóthais iompair. Is é an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) um Thrácht Earraí i gcónaí a thionscnaíonn imeachtaí i dtaobh sárúithe na rialacha agus is í a chuireann i gcrích iad.

Tá Toll Collect freagrach as an

monatóireacht uathoibríoch trí dhroichid mhonatóireachta nó trí philéir mhonatóireachta. Áirítear ar an bhfreagracht seo dola a ghearradh go siarghabhálach i gcás loiceadh íoctha nó íocaíochta mícheart. Bhronn an rialtas cónaidhme an tasc ceannasach seo ar Toll Collect chun é a chomhlíonadh thar a cheann.

Déantar scrúduithe dola ó dhubh go dubh ar gach cuid den líonra bóithre faoi dhliteanas dola.

8.1 Monatóireacht uathoibríoch

Déantar an monatóireacht uathoibríoch ar mhótarbhealaí cónaidhme le cabhair 300 droichead monatóireachta, agus ar mórbhóithre náisiúnta le tuairim is 600 piléir monatóireachta. Feidhmíonn an dá fhearasc scrúdaithe de réir an phrionsabail céanna.



Trealamh cónaitheach is ea na droichid agus piléir mhonatóireachta. Scrúdaíonn siad an trácht atá ag gabháil thart chun a fháil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na feithiclí faoi dhliteanas dola agus an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis

feithicle siúd a bhaineann le dola fógartha i gceart. Mā ghabhann feithicil thart déantar pictiúr forbhreathnaithe, pictiúr den taobh agus pictiúr den chlárúimhir feithicle.

Mā tá OBU ag an bhfeithicil scrúdaítear go bhfuil an tOBU réidh le comhaireamh agus an bhfuil an fhaisnéis feithicle socraithe i gceart. Is iad an gnóthas iompair agus an tiománaí atá freagrach as cruinneas na sonraí atá le seoladh. I gcás feithiclí le dliteanas dola gan OBU scrúdaítear le cabhair na clárúimhreach feithicle in ionad ríofa Toll Collect cé acu an bhfuil nó nach bhfuil áirithint bhailí ann.

Chun na feithiclí a ghabháil ag na droichid agus na piléir mhonatóireachta tá coinníollacha dochta leagtha síos ag an dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruibeach na Gearmáine (BFStrMG). Ní sheoltar chuig an lárionad scrúdaithe ach na sonraí siúd a bhaineann le feithiclí le dliteanas dola a mheastar gur sháraigh siad a ndualgas comhoibríthe (cásanna amhrais). I ngach cás eile scriostar na pictiúir agus na sonraí cás amhrais ag an lárionad scrúdaithe cheana féin.

Mā tá amhras gur sáraíodh rialacha dola déanfaidh Toll Collect na héisteachtaí cuí agus gearrfaidh sé an dola go siarghabhálach más gá. Seolfaidh Toll Collect aon eolas a bhaineann le pionós chuig an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG). Scriostar na sonraí seo nuair a bhíonn an córas críochnaithe.

Ní dhéanann na droichid mhonatóireachta ná na piléir mhonatóireachta gnáthscrúdú tráchta (m.sh. maidir le sárú ardluais). Ní



scrúdaíonn na colúin scrúdaithe ach amháin cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an fhaisnéis feithiclí le dliteanas dola in iúl mar is cuí.

8.2 Monatóireacht neamhghluaisteach

Is féidir le foirne scrúdaithe atá comhdhéanta d'oifigigh de chuid na hOifige Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) feithiclí nár íocadh dóibh nó ar íocadh suim mhícheart dóibh a threorú amach chuig carrchlóis atá suite taobh thiar de dhroichid mhonatóireachta. Chuige seo faigheann siad sonraí feithiclí nár deimhníodh go cinnte ina leith ag an monatóireacht uathoibríoch go bhfuil an dola íoctha mar is cuí. Stopann oifigigh na hOifige Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) na feithiclí, soiléiríonn siad cúrsaí díreach ar an láthair, déanann gearradh siarghabhálach agus tionscnaíonn imeachtaí um shárú rialacháin.

8.3 Monatóireacht shoghluaiste

Déanann foirne monatóireacht shoghluaiste de chuid na hOifige



Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) scrúduithe ó dhubh go dubh ar mhaithe le híocadh cuí an dola. Ar an gcuma seo cinntítear go bhfuil monatóireacht iomlán soghluaiste ar siúl ar líonra na mbóithre ar fad atá faoi dhliteanas dola. Úsáideann na foirne soghluaiste na feithiclí scrúdaithe ag a bhfuil trealamh teicniúil atá cosúil leis an trealamh ag na droichid agus na piléir mhonatóireachta. Déantar an mhonatóireacht ar thrácht atá ag bogadh agus ar fheithiclí nach bhfuil ag bogadh. Leis an obair seo faigheann siad sonraí feithiclí a nach bhfuiltear cinnte ina dtaobh go bhfuil siad ag comhoibriú mar is cuí.

Má tá amhras, treoraítear an fheithicil amach. Má dheimhnítear gur sáraíodh na rialacha dola gearraíodh foirne na hOifige



Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) an dola ar an láthair agus tionscnaíonn imeacht maidir le sárú rialacha.

8.4 Monatóireacht ar an láthair

Déanann oifigigh na hOifige Cónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) monatóireachtaí samplacha ar an láthair ar fud na tíre. Roghnaítear na gnóthais iompair a ndéantar scrúdú orthu de réir prionsabail an tseans, é sin nó ar bhonn fíor-amhrais. Le linn na monatóireachta ar an láthair déantar, mar shampla, le cabhair doiciméid lastais agus deimhniúcháin líonadh breosla a scrúdú cé acu ar íocadh nó nár íocadh an dola mar is cuí san am atá thart.

8.5 Iarmhairtí sárúithe na rialacha dola

Murar deimhníodh gur íocadh dola mar is cuí déantar an dola a ghearradh go siarghabhálach i leith an réimse bhóthair iarbhír atá le dliteanas dola. Mura féidir an réimse bhóthair iarbhír a dheimhniú déantar an dola a ghearradh go

siarghabhálach de réir turais i dtaobh réimse bhóthair 500 ciliméadar. Mura bhfuil fianaise chuí maidir leis an aicme truaillithe ar fáil ríomhtar ráta is airde na gcostas um thruaillíú aeir. Tá sé faoin gcustaiméir na sonraí agus an fhianaise riachtanach a chur isteach go siarghabhálach. Ní mór dó/di é seo a dhéanamh roimh dheireadh imeacht achomhairc ar a dhéanaí. Mura ndéantar amhlaidh ní athrófar an costas dola a gearradh ar dtús de réir na rialachán um dhlí dola lena mbaineann.

Déanann an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) eolas a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cúrsaí fineála a mheasúnú agus nós imeachta maidir le fineálacha más gá. D'fhéadfaí fineálacha chomh mór le 20,000 euro a ghearradh.



9

COSAINN SONRAÍ

Cinntíonn an reachtaíocht go gcosnaítear sonraí go huileghabhálach. Tugann rialacha docha ráthaíocht go bhfuil ardchaighdeán i bhfeidhm i gcosaint sonraí maidir le dola feithiclí troma.

Is é atá ábhartha ná go mbaineann na sonraí a glacadh le cuspóir, go scriostar na sonraí de réir rialacháin docha an dlí maidir le bailiú dolaí ar mhórbhóithre idiruibeach na Gearmáine (BFStrMG) agus go gcoisctear tarchur na sonraí

chuig tríú páirtithe ach amháin an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG).

Cloíonn Toll Collect leis an bprionsabal Sonraí a sheachaint agus a laghad sonraí agus is féidir a úsáid. Chuige seo tá innealtóirí agus forbróirí bogearraí ag obair as láimh a chéile le lucht cosanta sonraí.

Sa phróiseas gearradh dola uathoibríoch ríomhtar na méideanna dola go lárnach in Ionad Ríofa Toll Collect. Chuige seo seolfaidh an gléas feithicle sonraí faoi na turais le moill bheag ama roinnt uaireanta sa lá, agus iad ionchódaíte, chuig an ionad ríofa. Aistrítear an fhaisnéis seo trí shocruithe teicniúla réamhdhéanta ina réimsí faoi dhliteanas dola. Leithdháiltear na réimsí bóthair atá faoi dhliteanas dola do na feithiclí ansin. Ríomhfar an méid dola le cabhair na bparaiméadar atá tugtha ag na custaiméirí; aicme astaíochtaí, aicme meáchain, agus líon acastóirí.

Scríosfar na sonraí ar fad maidir leis na turais láithreach bonn nuair a bhíonn na réimsí faoi dhliteanas dola próiseáilte.

Ní stóráiltear na sonraí seo i gcomhair a bpróiseála san lárionad ríofa chun nach féidir iad a ghoid in aon chor ar bith. Níl teacht ag duine ar bith ach amháin ag riarthóirí freagracha an lárionad ríofa ar an gcóras. Tá bainistiú docht ar údarú i bhfeidhm chun teacht ar na sonraí ó dhaoine neamhúdraithe a chosc.

Lena chois sin seoltar fógra stádais faoi bhail an ghléas feithicle uair sa ló chun a chinntiú go n-oibríonn an gléas feithicle go leanúnach.

Má tá an custaiméir cláraithe le Toll Collect nó má theastaíonn uaidh cuntas áirithe a dhéanamh caithfidh sé, ar chlárú dó den chéad uair tríd an áirithe de láimh, toiliú maidir le cosaint sonraí a thabhairt go stóráiltear seoltaí nó réimsí lasmuigh den tslí atá faoi dhliteanas dola freisin.

Le linn na háirithe mar chustaiméir nach bhfuil cláraithe is féidir leis toiliú ag gach áirithe as an nua le stóráil seoltaí nach bhfuil faoi dhliteanas dola. I gcásanna eile ní stóráiltear ach na codanna den áirithe atá faoi dhliteanas dola. Dá thoradh sin d'fhéadfadh nach dtaispeánfaí slí iomlán leanúnach má logáiltear isteach sa chlárú uair eile laistigh den tréimhse bhailí. De bhreis air seo taispeántar na bail tosaigh agus deiridh roghnaithe mar chéad iontráil sa líonra faoi dhliteanas dola agus mar imeacht deiridh as an líonra faoi dhliteanas dola. Ní thaispeántar pointe eile sa chás seo ach amháin má tá siad sa líonra faoi dhliteanas dola freisin. D'fhéadfadh nach féidir an tslí iomlán atá comhdhéanta as réimsí bóthair faoi dhliteanas dola agus réimsí bóthair nach bhfuil faoi dhliteanas dola a chur le chéile a thuilleadh.

Tá eagraíocht láidir um chosaint sonraí ag Toll Collect. De bhreis air seo scrúdaíonn an Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) mar chuid den maoirseacht oibríocháin agus an eagraíocht chónaidhme um chosaint sonraí agus sairse faisnéise (BfDI) cé acu an gcloíonn nó nach gcloíonn an t-oibreoir dola leis na rialacháin dlí.

Tá mioneolas faoi Chosaint Sonraí ar fáil ar shuíomh idirlín Toll Collect faoi www.toll-collect.de.



10

SEIRBHÍS AGUS TEAGMHÁIL

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann Seirbhíse Custaiméirí Toll Collect Dé Luain – Dé hAoine idir 7am agus 7pm.

Chun glaoh a chur laistigh den nGearmáin dialligh:

Teileafón: 0800 222 26 28 *

agus ar ghlaonna ón iasacht:

Teileafón: 00800 0 222 26 28 **

Freagraíonn ár mbaill foirne gach ceist atá agat faoin gcóras dola feithiclí troma – is cuma an faoi shlíte áirithinte, clárú nó faoi shuiteáil an OBU, maidir le ceartúcháin

nó gearáin, maidir le cailliúint an OBU nó maidir le hathruithe ar an gconradh.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le seirbhís chustaiméara Toll Collect trí facs, litir agus ríomhphost. Is féidir caint linn as Gearmáinis, Béarla, Fraincis agus Polainnis. De bhreis air sin tá an fhoirm teagmhála ar líne ar fáil ar an suíomh idirlín ag www.toll-collect.de. Is féidir tuilleadh ábhar eolais a ordú san áit seo, freisin.

**Toll Collect GmbH
Customer Service
Postfach 11 03 29
10833 Berlin
An Ghearmáin**

Facs: +49 180 1 22 26 28 **

info@toll-collect.de

Tabhair cuairt orainn ar an idirlíon:

**www.toll-collect.de
www.toll-collect-blog.de**

ar Facebook:

www.facebook.com/TollCollect

nó YouTube:

www.youtube.com/user/TollCollectVideo

** saor in aisce, d'fhéadfadh táillí cumarsáide soghluaiste a bheith difriúil*

*** laistigh den Ghearmáin: Líne talún: 3.9 cent/nóim;
cumarsáid shoghluaiste 42 cent/nóim. costas uasta*



Iarrann Toll Collect ort a thabhairt do d'aire go gcoinnítear an ceart athruithe a dhéanamh maidir le gach eolas a thugtar sa doiciméad seo ach amháin má bhaineann siad le cúinsí atá faoi réir oiriúnaithe leanúnaigh. Baineann sé seo go háirithe le heolas faoi líonra na gcomhpháirtithe seirbhíse agus líonra na n-ionad dola.

Ní ghlacfaidh Toll Collect GmbH ná haon ionadaí ná gníomhaire dá chuid le dlíteanas i leith an treoracha seo don úsáideoir ach amháin i gcás rúin nó faillí tromchúisí. Ní ghlacfar le dlíteanas in aon chás eile. Níl damáiste nó gortú na beatha, an choirp agus na sláinte san áireamh i séanadh dlíteanas Toll Collect GmbH nó a chuid ionadaithe nó a chuid gníomhairí agus níl dlíteanas de réir an dlí um dhlíteanas táirge (Produkthaftgesetz) san áireamh ach an oiread.

Is féidir leagan bailí den bróisiúr treoracha don úsáideoir a íoslódáil saor in aisce san idirlíon faoi www.toll-collect.de.

Téarmaí agus coinníollacha ginearálta

Tá téarmaí agus coinníollacha ginearálta Toll Collect GmbH ar fáil san idirlíon ag www.toll-collect.de.



